**Dáta** 08.05.25

A Chara,

Go raibh maith agat as teagmháil a dhéanamh linn maidir leis an bpost mar phríomhoide i gColáiste Íosagáin.

Líonfar an post mar phríomhoide de réir na nithe seo a leanas:

a) Cairt Iontaobhas Scoileanna Éamainn Rís

b) Airteagail 20 agus 21 de na hAirteagail Bainistíochta do Scoileanna Dara Leibhéal Caitliceacha

c) Ciorclán 04/98 ón Roinn Oideachais

d) Ciorclán 62/2021 ón Roinn Oideachais

e) Próifíl Róil an Phríomhoide

Tá tuilleadh eolais faoin scoil ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile, https://iosagain.eoiniosagain.ie/

Tá Pacáiste Iarratais san áireamh leis seo, ina bhfuil:

1. Foirm Iarratais don phost mar Phríomhoide i gColáiste Íosagáin
2. Ciorclán 04/98
3. Ciorclán 62/2021
4. Airteagail 20 agus 21 de na hAirteagail Bainistíochta
5. Próifíl Róil an Phríomhoide

Ba chóir Foirm Iarratais chomhlánaithe a bheith seolta **i bhfoirm PDF le ríomhphost chuig** erstcompetitions@outlook.ie roimh **13:00 ar an 27 05 2025.**

**Ní ghlacfar le hiarratas ar bith a thagann isteach tar éis 13:00 ar an 27 05 2025.**

**Dáta sealadach do na hagallaimh:**
**09/06/25.**

Tabhair faoi deara go meastar go mbeidh an té a n-éireoidh leis an bpost ar fáil sa scoil ó 8rn go 5in gach lá agus ar fáil i rith mhí an Mheithimh agus ó lár mhí Lúnasa chun críocha pleanála.

Le meas,

Mícheál Ó Madagáin

Cathaoirleach